






An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers



FGL Gaeilge (T1)

2018 - 2019

Lámhleabhar

Clár

Rannán 1: Eolas Príomhdhoiciméid Ábhar Tacaíochta Feidhmchláir & Suíomhanna Áisiúla Gluais	 3 3 - 4 4 5 - 6
Rannán 2: MRBanna & Torthaí Foghlama MRBanna MRB 1 – An Phunann Teanga MRB 2 – An Tasc Cumarsáideach Torthaí Foghlama T1 Pointí Breise faoi MRBanna	 7 - 8 9 - 11 12 - 15 16 - 17 31
Rannán 3: Gníomhaíochtaí Wordle Helen Barrett Na Gnéithe Cáilíochta agus MRB 1 Scáth Fearhainne: TFanna le cíoradh Eispéireas Foghlama fiúntach Cúrsaí Folláine AFMÁ Na Gnéithe Cáilíochta agus MRB 2 Litríocht Áitiúil/Bhéil Drámaíocht agus Difreáil Litríocht áitiúil Nótaí & Gníomhphointí	 18 18 19 20 21 22 23 24 25 - 28 28 - 29 30 32

Nótaí:

Príomhdhoiciméid & Ábhar Tacaíochta




Suíomh gréasáin de chuid CNCM



Liosta Molta don Chéad Bhlain



Militreacha 0035/2018 & 0068/2018:
Liosta Dualgais don 2ú & 3ú bl.



Treoirínte don Mheasúnú




Rannán na Gaeilge ar www.jct.ie



Cláraigh linn chun eolas rialta/uasdátuithe a fháil



Am Gairmiúil: Moltaí



www.scoilnet.ie
Treoir don ríomhphunann





Seimineár Gréasáin T1



Físghabháil Scáileáin

Ábhar Tacaíochta



Cuireann Webwise comhairle ar fáil do thuismitheoirí, scoláirí agus mhúinteoirí maidir le sábháilteacht idirlín.



www.ccea.org.uk

Feidhmchláir / Suíomhanna Áisiúla



Adobe Spark



iMovie

Torthaí Foghlama

Is ráitis iad na Torthaí Foghlama a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa tSraith Shóisearach.

Aonad Foghlama

Fócas na foghlama thar thréimhse ama. Dearfar an tAonad ag brath ar na Torthaí Foghlama a roghnaíonn an múinteoir le díriú orthu. Braithfidh na féidearthachtaí don fhoghlaim agus don mheasúnú a eascraíonn ón Aonad ar réimse spéise agus cumais na scoláirí agus ar líon na dtascanna a roghnaíonn múinteoir(i) a dhéanamh laistigh den Aonad. Solúbthacht ama i gceist le fad an Aonaid.

Comhtháthú na Litríochta

Sa chéad bhliain, leagfar bunchloch do shaothrú na litríochta sa dara agus sa tríú bliain. Gheobhaidh an scoláire blaiseadh de sheánraí éagsúla. Tugann an léitheoireacht agus an litríocht deiseanna foghlama nach bhfuil ar fáil in áit ar bith eile. Tugann siad deiseanna do scoláirí teacht ar fhocail, nathanna agus struchtúir nua a chothaíonn sealbhú na teanga; teanga atá saibhir cruinn agus a bhfuil canúintí, saíocht agus oidhreacht na Gaeilge le feiceáil agus le cloisteáil inti. Tríd an gcur chuige comhtháithe, tacaíonn an litríocht leis na torthaí foghlama a chur i ngníomh; ag cabhrú leis an scoláire an teanga agus litearthacht a shealbhú, le scileanna criticiúla agus cruthaitheachta a fhorbairt le tuiscintí cultúrtha a threisiú agus le forás pearsanta na scoláirí a chothú. Is ionann sin is a rá is go bhfuil an litríocht fite fuaite le gach rud eile atá ag dul ar aghaidh sa rang le comhthéacs teanga níos saibhre a fhorbairt, seachas gníomhaíochtaí an ranga a scaradh idir litríocht agus ceachtanna eile.

Eispéireas Foghlama

Soiléirítear fócas an Aonaid Foghlama trí Eispéireas Foghlama a dhearadh, a chuimsíonn:

- 1) Roghnú na bpointí measúnaithe ar eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire
- 2) Liostáil na gcéimeanna atá le tógáil chun dul i dtreo an phointe sin
- 3) Liostáil na scileanna a bheidh ag teastáil ó na scoláirí chun na céimeanna sin a thógáil
- 4) Liostáil na bhféidearthachtaí idirghníomhaithe
- 5) Liostáil na bhféidearthachtaí úsáide teicneolaíochta
- 6) Cumadh na hIntinní Foghlama
- 7) Cumadh na gCritéar Ratha

Tá sé tábhachtach eispéireas foghlama agus deiseanna measúnaithe a sholáthar a fhreastlóidh ar riachtanais dhifreálaithe na scoláirí.

Intinní Foghlama

Eascraíonn Intinní Foghlama ó na Torthaí Foghlama. Is ráiteas é an Intinn Foghlama a chruthaíonn an múinteoir le haghaidh ceachta nó sraithe de cheachtanna, ráiteas a chuireann síos go soiléir ar an eolas a bheidh ag na scoláirí, ar a dtuigfidh siad, agus ar a mbeidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama.

Critéir Ratha

Bíonn na Critéir Ratha nasctha leis na hIntinní Foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus déanann siad cur síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh ar chaighdeán foghlama scoláirí.

Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

Beidh múinteoirí rannpháirteach i gcruinnithe **Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (Cruinnithe AFMÁ)**, áit a gcomhroinnfidh siad agus a bpléifidh siad samplaí measúnuithe a chéile ar obair scoláirí agus a dtiocfaidh siad ar thuiscint chomónta ar cháilíocht foghlaim scoláirí.

Tuairiscíní

Déanann na Tuairiscíní cur síos ar cháilíocht obair an scoláire i gcás gnáthmheasúnuithe ranga agus i gcás MRB 1 agus MRB 2:

Níor chomhlíon na hionchais go fóill | Ag Teacht Leis na hionchais | Os Cionn na n-ionchas | Thar Barr ar Fad

Measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Cuimseoidh an measúnú ar Ghaeilge do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe; Punann Teanga, Tasc Cumarsáideach; Tasc Measúnaithe agus Scrúdú Deiridh. Ligfidh na Measúnuithe Rangbhunaithe don scoláire a chumais teanga, chumarsáide, idirghníomhaíochta agus feasachta a léiriú ar bhealach nach bhféadfaí i scrúdú foirmiúil. Bainfidh na measúnuithe go dlúth leis an ngnáthobair ranga. Beidh Tasc Measúnaithe le déanamh tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe agus bainfidh sé leis na torthaí foghlama a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe orthu. Cuirfear an Tasc Measúnaithe seo chuig Coimisiún na Scrúdaithe Stáit (CSS) chun é a mharcáil mar aon leis an Scrúdú Deiridh (féach Ich 18).

Úsáidfear tacar grád chun gnóthachtáil a thairfeadh. Déanfaidh CSS na gráid seo a thuairisciú ar dtús i bhfoirm shealadach i Mí Mheán Fómhair i ndiaidh dheireadh an tríú bliain. Déanfar iad a dheimhniú ina dhiaidh sin agus cuirfear san áireamh iad i **Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)** atá le heisiúint ón scoil laistigh de bhliain fhéilire an scrúdaithe. Is mar seo a leanas a chuirfear síos ar ghnóthachtáil an scoláire:

Grádú an Scrúdaithe Deiridh:

Gradam (90 – 100%) | **Arduiltéanas** (75 – 89%) | **Tuillteanas** (55 – 74%) | **Gnóthaithe** (40 – 54%)
Gnóthaithe go páirteach (20 – 39%) | **Neamhghrádaithe** (0 – 19%)

Measúnú Foirmitheach


Is é Measúnú Foirmitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear modhanna foirmiúla/neamhfoirmiúla chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú le linn an phróisis foghlama. Úsáidtear na modhanna seo chun na scoláirí a chothú agus chun an teagasc a chur in oiriúint do riachtanais na scoláirí. Ligeann an próiseas do mhúinteoirí agus scoláirí eolas a bhailiú ar dhul chun cinn scoláirí, agus cur chuige teagasc an mhúinteora a leasú chun tacú le foghlaim an scoláire. Baineann Measúnú chun Foghlama (McF/AfL) le gnéithe uile an mheasúnaithe fhoirmithigh ach bíonn fócas ar leith ann ar ról gníomhach a bheith ag an scoláire ina c(h)uid foghlama.

“Sa mheasúnú i nGaeilge na Sraithe Sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheith ag múinteoirí tacú leis sin.”

(Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1), lch 25)

Na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB)

- Cuimseoidh an measúnú ar Ghaeilge do PGSS dhá Mheasúnú Rangbhunaithe.
- Bainfidh na measúnuithe go dlúth leis an ngnáthobair ranga.
- Trí na measúnuithe rangbhunaithe, forbróidh an scoláire a chuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna, agus é ag baint amach na dTorthaí Foghlama.
- Úsáidfear **Tuairiscíní** chun na MRBanna a mheas. Bainfear úsáid as na ráitis seo:
- *Níor chomhlíon na hionchais go fóill | Ag teacht leis na hionchais | Os cionn na n-ionchas | Thar barr ar fad*




Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann Teanga

Cruthaíonn an scoláire punann teanga le samplaí dá chuid saothair. Dírionn an phunann teanga ar an bpríseas foghlama teanga agus bíonn an scoláire agus a thuras teanga féin ag croílár an teagaisc, an mheasúnaithe agus na foghlama. Tugann an phunann teanga deis don scoláire spriocanna pearsanta foghlama a leagan síos, a chuid oibre a thaispeáint, machnamh a dhéanamh ar an obair agus dul chun cinn a fheiceáil. Cruthaíonn an scoláire féin réimse leathan téacsanna sa phunann, mar shampla tionscnaimh, logaí foghlama, píosaí cruthaitheacha (dánta/amhráin agus araile a chum an scoláire), giotáí machnamhacha, ábhair tháifeadta (closamhairc agus físe), cuir i láthair a rinne sé agus araile.

Fianaise ar an bhfoghlaim:

Mar fhianaise ar an bhfoghlaim roghnaíonn an scoláire trí phíosa ón bPunann. Is gá píosa amháin fuaime nó físe a roghnú. Ba cheart leas a bhaint as an litríocht mar spreagadh do cheann amháin ar a laghad de na píosaí punainne a roghnófar. Is féidir píosa(i) ón litríocht áitiúil a roghnú nó téacs(anna) ón liosta litríochta don dara agus/nó don tríú bliain a úsáid chuige seo. Déanann an scoláire cur síos faoi threoir ar na cúiseanna le roghnú pearsanta na dtrí phíosa oibre.




Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach

Tugann an Tasc Cumarsáideach deis don scoláire ábhar, topaic nó saincheist ar spéis leis féin nó atá tábhachtach dó a roghnú agus a fhiosrú thar thréimhse ama. Tá béim láidir ar chumas labhartha agus idirghníomhaithe an scoláire agus ar an nasc leis an bpobal teanga sa tasc seo. Is féidir leis an scoláire aon cheann de na formáidí seo a leanas a roghnú: agallamh, ról-imirt, cur i láthair, taispeántas nó comhrá mar fhreagairt ar spreagthach chun an tasc a chur i gcrích. Is féidir leis an scoláire obair ina aonar, le scoláire eile mar obair bheirte nó i ngrúpa don tasc seo. Ach, i gcás ghrúpa is gá a chinntiú go nglacann gach scoláire páirt/ról cinnte agus go gcuireann gach scoláire leis an tasc go fiúntach. Tugtar deis don scoláire:

1. dirghníomhú lena chomhscóláirí, leis an múinteoir agus leis an bpobal teanga,
 2. scileanna teanga agus saibhreas teanga a fheabhsú,
 3. scileanna ginearálta a fhorbairt (taighde a dhéanamh, bainistiú ama, féinbhainistiú, obair le daoine eile agus araile),
 4. úinéireacht a ghlacadh ar an bhfoghlaim
- Más spéis leis an scoláire tarraingt ar fhoinsí litríochta mar spreagadh dá thopaic/shaincheist is féidir téacsanna ó liosta litríochta an dara bliain nó foinsí ón litríocht áitiúil/bhéil a úsáid.

Fianaise ar an bhfoghlaim:

Mar fhianaise ar an bhfoghlaim tugann an scoláire faoi thaighde, faoi ullmhúchán agus déanann sé cur i láthair ranga gairid agus freagraíonn sé ceisteanna óna chomhscóláirí faoina chur i láthair.



An Tasc Measúnaithe

Cuimseoidh an Tasc Measúnaithe roinnt de na nithe seo a leanas nó gach ceann díobh:

- Plé le spreagthach gearr i bhformáid amhairc, scríofa, fuaime nó chlosamhairc le hullmhú don tasc scríofa
- Tasc scríofa ina dtástálfar an scoláire i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:
 - a chumas plé a dhéanamh ar an taithí atá aige ar roghnú, ullmhú agus ar chur i láthair ar thopaic/cheist/ábhar spéise don Tasc Cumarsáideach
 - a thuiscint ar an taithí sin agus a mheas uirthi
 - a chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé



Measúnú: An Tasc Measúnaithe

An Tasc Measúnaithe & CSS

Tasc Scríofa

Bunaithe ar MRB 2

CSS a mharcáillean

- Cuireann an scoil na leabhráin freagraí ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit de réir na socrúithe a leagann CSS síos
- Is fiú 10% den scrúdú deiridh é an Tasc Measúnaithe (TM)
- Cuirfidh CSS an marc a bhronntar don TM le chéile leis an marc a bhronntar as an scrúdú chun teacht ar an ngrad foriomlán don scrúdú stáit deiridh
- Beidh samplaí den TM, ábhair spreagthacha agus treoirínte faoin gcaoi leis an TM a reachtáil ar fáil ar www.curriculumonline.ie
- Achomhairc scoláire in aghaidh an ghráid a bronnadh as scrúdú stáit, an TM san áireamh, de réir na socrúithe reatha
- An scoil a phléifidh le ceisteanna faoi gach gné eile den PGSS



Measúnú: An Tasc Measúnaithe

An Scrúdú Deiridh

Deireadh na 3^ú Bliana

Páipéar Ardleibhéil & Páipéar Gnáthleibhéil

2x Uair

Ábhar / Formáid Inathraitheach

“...iarrfar ar an scoláire a chuid inniúlachtaí teanga a léiriú trí dhul i mbun tascanna difriúla teanga agus litríochta a éileoidh cumarsáid phearsanta idirghníomhach.”

Measúnú



An Tasc Measúnaithe

Tabharfaidh an scoláire faoi Thasc Measúnaithe nuair a bheidh na Measúnuithe Rangbhunaithe curtha i gcrích aige. Cuirfear an tasc measúnaithe sin i gcrích taobh istigh de sheachtain tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe agus cuirfear é faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil. Cuimseoidh an Tasc Measúnaithe roinnt de na nithe seo a leanas nó gach ceann díobh:

- plé le spreagthach gearr i bhformáid amhairc, scríofa, fuaime nó chlosamhairc le hullmhú don tasc scríofa
- tasc scríofa ina dtástálfar an scoláire i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas (1) plé a dhéanamh ar an taithí atá aige ar roghnú, ullmhú agus ar chur i láthair don Tasc Cumarsáideach (2) a thuiscint ar an taithí sin agus a mheas uirthi (3) a chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé tríd an Measúnú Rangbhunaithe.

An Scrúdú Deiridh

Socróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an scrúdú deiridh ag dhá leibhéal: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Scrúdpáipéar amháin a bheidh ag gach leibhéal. Beidh an scrúdú seo ar siúl ag deireadh an tríú bliain. Scrúdú dhá uair an chloig a bheidh le déanamh ina n-iarrfar ar an scoláire a chuid inniúlachtaí teanga a léiriú trí dhul i mbun tascanna difriúla teanga agus litríochta a éileoidh cumarsáid phearsanta idirghníomhach. Leagtar amach sa tábla thíos ualú na marcanna do na scileanna gabhchumais (éisteacht, léitheoireacht) agus na scileanna ginchumais (ceapadóireacht chruthaitheach, an fheasacht teanga, agus an litríocht.)

An Scrúdú Deiridh

Scileanna a ndéanfar measúnú orthu | Ualú na marcanna | Fianaise

Inniúlacht/scil á tástáil	Ardleibhéal	Gnáthleibhéal
Éisteacht i gcomhthéacs	✓	✓
Léamh i gcomhthéacs	✓	✓
Tascanna ceapadóireachta cumarsáide	✓	✓
Freagairt phearsanta/chumarsáideach do théacsanna litríochta	✓	✓
Ualú na marcanna	Ardleibhéal	Gnáthleibhéal
Scileanna Gabhchumais	35%	55%
Scileanna Ginchumais	55%	35%
Fianaise ar an bhFoghlaim	Measúnú	Toradh
MRB 1	Cruinniú AFMÁ	Tuairiscín
MRB 2	Cruinniú AFMÁ	Tuairiscín
Scrúdú Deiridh (Tasc Measúnaithe san áireamh)	CSS	Grád

MRB 1: Punann Teanga

Measúnú Rangbhunaithe: Punann teanga		
Cumas cumarsáide		
1.3 seasamh agus meon cainteoirí (go díreach/go hindíreach) a aithint	1.8 dul i ngleic go criticiúil le raon leathan téacsanna* Gaeilge ag úsáid stór focal agus teanga chuí	1.11 rogha pearsanta de théacsanna* a aimsiú, a fhiosrú agus a roinnt ar son taighde agus taitnimh
1.15 comhrá a fhorbairt agus smaointe pearsanta a leathnú amach ar réimse leathan ábhar	1.20 idirghníomhú go muiníneach agus go cuí i suíomhanna difriúla agus ar mhaithe le spriocanna éagsúla	1.23 smaointe a bhaineann le heispéiris phearsanta a mhíniú le samplaí agus/nó le hargóintí cuí chun dul i bhfeidhm ar dhuine
1.26 téacsanna* pearsanta agus foirmeálta, cruthaitheacha agus ilmhódacha san áireamh, a chruthú i réimse de stíleanna, réimeanna teanga, ag úsáid teanga agus stór focal cuí agus tuiscint á léiriú ar lucht a léite	1.27 úsáid sholúbtha, chruthaitheach, spraiúil a bhaint as an teanga	1.28 úsáid a bhaint as scileanna eagarthóireachta mar chuid de phróiseas na scríbhneoireachta, dréachtú agus athdhréachtú san áireamh
1.32 stíl scríbhneoireachta féin a fhorbairt ag baint úsáide as teanga chruinn, shaibhir (ag úsáid a chanúna féin, mar is cuí)		
Feasacht teanga agus chultúrtha		
2.4 an réim chuí teanga a úsáid don ócáid, spriocghrúpa nó cineál cumarsáide	2.5 earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus a thuiscint agus machnamh a dhéanamh ar na cúiseanna leo	
Féinfheasacht an fhoghlaimeora		
3.4 cinntí neamhspleácha a dhéanamh mar fhoghlaimeoir	3.8 tuiscint a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith úsáid na teanga sa phobal teanga	3.9 céimeanna a ghlacadh a léiríonn spreagadh pearsanta chun cur le cruinneas agus le saibhreas na teanga

MRB 1: Gnéithe Cáilíochta

Na Gnéithe Cáilíochta: Gaeilge T1 – Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann teanga	
<p>Thar barr ar fad</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Úsáid sciliúil, sholúbtha teanga chun teachtaireachtaí a chur in iúl go cruthaitheach agus le húire</p> <p>Tá na teachtaireachtaí in oiriúint don spriocghrúpa don ócáid agus don chuspóir ó thús deireadh</p> <p>Léiríonn na píosaí roghnaithe go bhfuil féinfhreagracht agus féinriar forbartha ar chaighdeán an-ard chun dul i ngleic le láidriú chruinneas agus shaibhreas na teanga</p>
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Úsáid sciliúil, sholúbtha teanga chun teachtaireachtaí a chur in iúl go cruthaitheach</p> <p>Tá na teachtaireachtaí in oiriúint don spriocghrúpa don ócáid agus don chuspóir ...go leanúnach</p> <p>Léiríonn na píosaí roghnaithe go bhfuil obair mhór déanta chun cur le cruinneas agus le saibhreas na teanga, cé go bhfuil corr-earráid fós le sonrú anseo is ansiúd</p>
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p>	<p>Úsáid éifeachtach teanga chun teachtaireachtaí a chur in iúl go soiléir, sothuigte</p> <p>Tá na teachtaireachtaí in oiriúint don spriocghrúpa, don ócáid agus don chuspóir den chuid is mó</p> <p>Léiríonn na píosaí roghnaithe go bhfuil obair déanta chun cruinneas agus saibhreas teanga a láidriú, cé go bhfuil earráidí agus botúin le sonrú go rialta</p>
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Úsáid theoranta teanga a bhfuil doiléireacht teachtaireachta mar thoradh uirthi</p> <p>Easpa tuisceana ar an spriocghrúpa, ar an ócáid agus ar an gculpóir le sonrú ó thús deireadh i ngach tasc</p> <p>Teanga bhriste, theoranta le hearráidí agus botúin leanúnacha le sonrú sa chomhréir agus sa ghramadach</p>

MRB 1: Nóta Machnamhach

MRB 1: Punann Teanga: Teimpléad do Nóta Machnamhach an scoláire

SCOIL:	SCOLÁIRE:	
ROGHNAIGH MÉ AN PÍOSA SEO MAR...		
MACHNAMH AR MO CHUID OIBRE		
RUDAÍ A D'FHOGHLAIM MÉ FAOIN TEANGA AGUS MÉ AG TABHAIRT FAOIN TASC*	GNÉ AMHÁIN A THUIGIM GO gCAITHFIDH MÉ DÍRÍÚ ISTEACH UIRTHI ANOIS:	
SCOLÁIRE:	MÚINTEOIR:	DÁTA:

*Ag díriú anseo ar an bhfeasacht teanga agus ar an bhféinfheasacht mar fhoghlaimoir teanga

MRB 2: Tasc Cumarsáideach

MRB 2: Formáidí féideartha don Tasc Cumarsáideach

Taispeántas	Léiríonn an scoláire píosa gairid a chum sé féin, dán, amhrán, píosa drámaíochta, scéal san áireamh
Cur i láthair	Roghnaíonn an scoláire réimse spéise/topaic/saincheist agus déanann sé cur i láthair faoi ag úsáid a rogha meán agus frapaí
Agallamh	Freagraíonn an scoláire do cheisteanna an mhúinteora agus/nó a chomhscoláirí; glacann an scoláire ról an agallóra agus/nó ról an fhreagróra
Comhrá mar fhreagairt ar ábhar spreagthach	Roghnaíonn an scoláire ábhar spreagthach .i. íomhá, téacs scríofa, píosa físe gairid, cluastéacs, a spreagann é chun dul i mbun cainte faoi
Ról-imirt	Roghnaíonn an scoláire chun tabhairt faoi chás ról-imeartha, cás faoi leith a phlé (comhrá le cara) nó ról duine eile a ghlacadh (agallóir teilifíse, réalta spóirt agus araile)
Tá béim ar an idirghníomhú cainte agus ar an labhairt i ngach formáid.	
Tabharfaidh ionchur ón múinteoir deis don scoláire a chuid scileanna teanga a léiriú le linn an taisc. I gcás ceisteanna, is ceisteanna neamhullmhaithe/gan script atá i gceist atá oirúnach d'aois an scoláire agus do staid na foghlama.	

NÓTAÍ

MRB 2: Tasc Cumarsáideach & Torthaí Foghlama T1

Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach		
Cumas cumarsáide		
1.14 téacsanna ó bhéal a chruthú agus a chur i láthair mar dhuine aonair agus/nó mar bhall de ghrúpa	1.16 focail a fhuaimniú go nádúrtha le tuin chruinn shothuigthe agus béim chúí	1.17 Gaeilge shaibhir chruinn a úsáid (an teanga bheo agus leaganacha canúnacha teanga san áireamh) ag úsáid a chanúna féin, mar is cuí
1.18 a stór focal pearsanta agus stór focal comhaimseartha ar ábhar ginearálta agus ábhar ar spéis leis féin a fhorbairt agus a shaibhriú	1.19 páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite (obair ghrúpa san áireamh) ag fiosrú, ag ceistiú agus ag forbairt tuairimí pearsanta agus ag freagairt go cuí le linn an chomhrá	1.20 idirghníomhú go muiníneach agus go cuí i suíomhanna difriúla agus ar mhaithe le spriocanna éagsúla
1.21 eolas, tuairimí agus dearcthaí a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú ag athinsint nó ag míniú mioneolais, mar is gá	1.22 dearcthaí agus eolas ó fhoinsí éagsúla a thuairisciú agus a tharraingt le chéile	1.23 smaointe a bhaineann le heispéiris phearsanta a mhíniú le samplaí agus/nó le hargóintí cuí chun dul i bhfeidhm ar dhuine
1.27 úsáid sholúbtha, chruthaitheach, spráíúil a bhaint as an teanga		
Feasacht teanga agus chultúrtha		
2.2 patrúin ghramadaí agus chomhréire na teanga a aithint agus a shealbhú	2.3 difríochtaí suntasacha gramadaí agus comhréire idir an Ghaeilge, an Béarla agus teangacha eile a thabhairt faoi deara chun míchruinneas trasteanga a sheachaint	2.4 an réim chúí teanga a úsáid don ócáid, spriocghrúpa nó cineál cumarsáide
Féinfheasacht an fhoghlaimora		
3.3 deiseanna úsáide teanga sa phobal teanga a thapú		

MRB 2: Gnéithe Cáilíochta

Na Gnéithe Cáilíochta: Gaeilge T1 – Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach	
<p>Thar barr ar fad</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Cumarsáid nádúrtha agus spontáineach ar chaighdeán an-ard le saibhreas teanga agus le stór focal fairsing, ábhartha in úsáid a léiríonn sárthuisicint ar luas agus rithim nádúrtha na teanga</p> <p>Sárthuisicint léirithe ar an spriocghrúpa agus an teanga úsáidte go sciliúil ag labhairt agus ag freagairt don spriocghrúpa go cumasach, ábhartha</p> <p>Caighdeán an-ard maidir le feasacht agus tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga. Tugtar faoi fhéincheartú nuair agus mar is gá</p>
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Cumarsáid an-mhaith, le gnéithe de spontáineacht, agus de shaibhreas teanga le sonrú, mar aon le stór focal leathan in úsáid, a léiríonn tuiscint an-mhaith ar luas agus rithim nádúrtha na teanga</p> <p>An-tuiscint léirithe ar an spriocghrúpa agus an teanga úsáidte go cumasach ag labhairt agus ag freagairt don spriocghrúpa go cumasach</p> <p>Ardchaighdeán maidir le feasacht agus tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga. Tugtar faoi fhéincheartú go rialta ach tionchar an Bhéarla le sonrú anseo is ansiúd</p>
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó</p>	<p>Cumarsáid mhaith ag úsáid stór focal dóthanach a léiríonn tuiscint mhaith ar dhul na teanga, cé nach bhfuil teanga shaibhir le sonrú i gcónaí. Roinnt botún le fuaimniú focal agus úsáid béime</p> <p>Léirítear tuiscint ar an spriocghrúpa agus tá úsáid na teanga éifeachtach den chuid is mó sa labhairt agus tugtar freagraí sothuigte ar cheisteanna</p> <p>Feasacht agus tuiscint mhaith, ach teoranta in áiteanna, ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga. Tionchar an Bhéarla le sonrú ar dhul na teanga go rialta</p>
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Cumarsáid stadach le bearnaí móra sa stór focal agus botúin leanúnacha le tuin, béim agus fuaimniú focal</p> <p>Easpa tuisceana ar an spriocghrúpa agus easnaimh bhunúsacha le sonrú ar an labhairt agus ar an bhfreagairt ó thús deireadh</p> <p>Teanga teoranta, bhriste in úsáid le heaspa feasachta ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga a léiríonn tionchar an Bhéarla go forleathan</p>

MRB 2: Nóta Machnamhach

SCOIL:	SCOLÁIRE:	
ÁBHAR/TOPAIC:		
CÉARD A CHUIDIGH LIOM AGUS MÉ AG ULLMHÚ DON TASC SEO?		
MACHNAMH PEARSANTA AR AN TASC CUMARSÁIDEACH		
RUDAÍ A D'FHOGHLAIM MÉ FAOIN TEANGA AGUS MÉ AG TABHAIRT FAOIN TASC*	GNÉ AMHÁIN A THUIGIM GO gCAITHFIDH MÉ DÍRIÚ ISTEACH UIRTHI ANOIS:	
SCOLÁIRE:	MÚINTEOIR:	DÁTA:

*Ag díriú anseo ar an bhfeasacht teanga agus ar an bhféinfheasacht mar fhoghlaimoír teanga

TORTHAÍ FOGHLAMA T1

Snáithe 1: Cumas Cumarsáide

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

GNÉ Éisteacht

- 1.1 ábhair agus teachtaireachtaí na cumarsáide ar ghnáthluas a thuiscint
- 1.2 éisteacht chun brí nó sonraí faoi leith agus argóintí comhleanúnacha a thuiscint
- 1.3 seasamh agus meon cainteoirí (go díreach/go hindíreach) a aithint
- 1.4 teanga labhartha chruinn, shaibhir, chanúnach a thuiscint
- 1.5 idirdhealú a dhéanamh idir chanúintí na Gaeilge
- 1.6 píosaí éisteachta a roghnú go criticiúil agus iad a roinnt ag baint úsáide as teicneolaíochtaí digiteacha

GNÉ: Léamh

- 1.7 úsáid a bhaint as raon straitéisí léitheoireachta, straitéisí dí-chódaithe san áireamh
- 1.8 dul i ngleic go criticiúil le raon leathan téacsanna* Gaeilge ag úsáid stór focal agus teanga chuí
- 1.9 conclúidí/impleachtaí a bhaineann go díreach nó go hindíreach le hábhar téacs a fhiosrú
- 1.10 léiriú ar thaitneamh a bhaint as raon leathan téacsanna* ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt
- 1.11 rogha pearsanta de théacsanna* a aimsiú, a fhiosrú agus a roinnt ar son taighde agus taitnimh
- 1.12 saintearmaíocht a aithint agus a thuiscint i réimse éagsúla téacsanna agus seánraí scríbhneoireachta
- 1.13 difríochtaí idirthéacsúla a fhiosrú agus a phlé i réimse téacsanna

GNÉ: Labhairt

- 1.14 téacsanna ó bhéal a chruthú agus a chur i láthair mar dhuine aonair agus/nó mar bhall de ghrúpa
- 1.15 comhrá a fhorbairt agus smaointe pearsanta a leathnú amach ar réimse leathan ábhar
- 1.16 focail a fhuaimniú go nádúrtha le tuin chruinn shothuigthe agus béim chuí
- 1.17 Gaeilge shaibhir chruinn a úsáid (an teanga bheo agus leaganacha canúnacha teanga san áireamh) ag úsáid a chanúna féin, mar is cuí
- 1.18 a stór focal pearsanta agus stór focal comhaimseartha ar ábhar ginearálta agus ábhar ar spéis leis féin a fhorbairt agus a shaibhriú

GNÉ: Idirghníomhú Cainte

- 1.19 páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite (obair ghrúpa san áireamh) ag fiosrú, ag ceistiú agus ag forbairt tuairimí pearsanta agus ag freagairt go cuí le linn an chomhrá
- 1.20 idirghníomhú go muiníneach agus go cuí i suíomhanna difriúla agus ar mhaithe le spriocanna éagsúla
- 1.21 eolas, tuairimí agus dearcthaí a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú ag athinsint nó ag míniú mioneolais, mar is gá
- 1.22 dearcthaí agus eolas ó fhoinsí éagsúla a thuairisciú agus a tharraingt le chéile
- 1.23 smaointe a bhaineann le heispéiris phearsanta a mhíniú le samplaí agus/nó le hargóintí cuí chun dul i bhfeidhm ar dhuine
- 1.24 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha
- 1.25 déileáil le deacrachtaí tuisceana ar mhaithe le cumarsáid a choimeád sa siúl

GNÉ: Scríobh

- 1.26 téacsanna pearsanta agus foirmeálta, cruthaitheacha agus ilmhódacha san áireamh, a chruthú i réimse de stíleanna, réimeanna teanga, ag úsáid teanga agus stór focal cuí agus tuiscint á léiriú ar lucht a léite

- 1.27 úsáid sholúbtha, chruthaitheach, spráúil a bhaint as an teanga
- 1.28 úsáid a bhaint as scileanna eagarthóireachta mar chuid de phróiseas na scríbhneoireachta, dréachtú agus athdhréachtú san áireamh
- 1.29 freagairt phearsanta do théacsanna* ag léiriú tuiscint chriticiúil ar stíl, ábhar, tuin, íomhánna an téacs
- 1.30 gnásanna na scríbhneoireachta m.sh litriú, poncaíocht, a aithint agus a úsáid
- 1.31 píosaí scríofa a chruthú agus a roinnt i bhformáidí éagsúla ag baint úsáide as teicneolaíochtaí digiteacha
- 1.32 stíl scríbhneoireachta féin a fhorbairt ag baint úsáide as teanga chruinn, shaibhir (ag úsáid a chanúna féin, mar is cuí)

Snáithe 2: Feasacht Teanga agus Chultúrtha

GNÉ: Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras

- 2.1 ionchur saibhir cruinn a thabhairt faoi deara sna scileanna teanga uile agus eiseamláirí den dea-úsáid teanga a athúsáid
- 2.2 patrúin ghramadaí agus chomhréire na teanga a aithint agus a shealbhú
- 2.3 difríochtaí suntasacha gramadaí agus comhréire idir an Ghaeilge, an Béarla agus teangacha eile a thabhairt faoi deara chun míchruinneas trasteanga a sheachaint
- 2.4 an réim chuí teanga a úsáid don ócáid, spriocghrúpa nó cineál cumarsáide
- 2.5 earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus a thuiscint agus machnamh a dhéanamh ar na cúiseanna leo
- 2.6 litriú agus poncaíocht chruinn a aithint agus a úsáid
- 2.7 saibhreas canúnach na Gaeilge a aithint agus idirdhealú a dhéanamh idir chanúintí na Gaeilge ag tabhairt difríochtaí foghraíochta agus leaganacha canúnacha faoi deara

GNÉ: Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga

- 2.8 gné(i)the de chultúr na Gaeilge a roghnú agus taighde a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair ar shlí nuálach chruthaitheach
- 2.9 tionscnaimh/cuir i láthair ó bhéal a dhéanamh ar ghnéithe de bheochultúr na Gaeilge

GNÉ: Ag cothú feasachta i leith an dátheangachais

- 2.10 tuiscint a léiriú ar a bhfuil i gceist le bheith ilteangach
- 2.11 cultúir theangacha neamhfhorleathana a fhiosrú agus comparáid a dhéanamh idir theangacha

Snáithe 3: Féinfheasacht an Fhoghlaim

GNÉ: Ag cothú féintuisceana mar fhoghlaim teanga

- 3.1 stíl phearsanta foghlama a aithint agus straitéisí foghlama pearsanta a fhorbairt chun sealbhú scileanna inaistrithe teanga a éascú
- 3.2 déileáil go héifeachtach le haiseolas
- 3.3 deiseanna úsáide teanga sa phobal teanga a thapú

GNÉ: Ag forbairt na foghlama féinriair

- 3.4 cinntí neamhspleácha a dhéanamh mar fhoghlaim
- 3.5 féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn sna scileanna teanga ar fad
- 3.6 aiseolas a roinnt le comhscóláirí ar an bhfoghlaim phearsanta sna scileanna teanga agus foghlama
- 3.7 acmhainní teanga a úsáid (foclóirí, ríomhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe, srl.) chun cruinneas agus saibhreas teanga a bhaint amach sa labhairt agus sa scríobh

GNÉ: Ag forbairt tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na teanga

- 3.8 tuiscint a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith úsáid na teanga sa phobal teanga
- 3.9 céimeanna a ghlacadh a léiríonn spreagadh pearsanta chun cur le cruinneas agus le saibhreas na teanga

Gníomhaíochtaí

Gníomhaíocht: Wordle



NOTAÍ

Gníomhaíocht: Helen Barrett agus an Phunann


Trí phointe a chuaigh i bhfeidhm ort maidir le fiúntas na punainne?

-
-
-

Nasc le Guth an Scoláire?

Nasc le Measúnú Foirmitheach?

Gníomhaíocht: Na Gnéithe Cáilíochta & MRB 1



Úsáid na Teanga

Úsáid sciliúil, sholúbtha teanga
Úsáid éifeachtach teanga
Úsáid sciliúil, sholúbtha teanga
Úsáid theoranta teanga

--	--	--	--

Teachtaireachtaí

teachttaireachtaí in oiriúint don spriocghrúpa... go leanúnach
teachttaireachtaí in oiriúint don spriocghrúpa...den chuid is mó
Easpa tuisceana ar an spriocghrúpa... ó thús deireadh i ngach tasc
teachttaireachtaí in oiriúint don spriocghrúpa...ó thús deireadh



--	--	--	--

Cruinneas agus Saibhreas Teanga

corr-earráid fós le sonrú anseo is ansiúd
ar chaighdeán an-ard chun dul i ngleic le láidriú chruinneas agus shaibhreas na teanga
botúin leanúnacha le sonrú sa chomhréir agus sa ghramadach
earráidí agus botúin le sonrú go rialta

--	--	--	--

Scáth fearthainne: TFanna le cíoradh (3.1 / 3.3 / 3.7 / 3.9)



Gníomhaíocht: Eispéireas foghlama fiúntach

Cad is eispéireas foghlama fiúntach ann? (Féach lch 6 den leabhrán)







Tá ról ar leith ag an múinteoir agus ag an scoláire in eispéireas foghlama.

Líon isteach samplaí ó bhur dtaithí féin a léiríonn na gnéithe thíos:

Ról an mhúinteora sa phleanáil agus sa chur i bhfeidhm	Gné den Eispéireas Foghlama	Ról an scoláire le linn an Eispéiris fhoghlama
	Timpeallacht thacúil	
	Samhlaíocht	
	Aiseolas	
	Machnamh ar an bhfoghlaim/Cothú na féinfheasachta	
	Cothú na feasachta i dtaobh an chultúir agus na teanga	
	Réimse spéise an scoláire	
	Leibhéil chumais dhifriúla	
	Uaillmhian	
	Saoirse agus solúbthacht	

Gníomhaíocht: Cúrsaí Folláine

An Ghaeilge & Cúrsaí Folláine

	Gníomhach: An rannpháirtí muiníneach oilte mé i ngníomhaíocht choirp? Cé chomh gníomhach is atá mé go fisiciúil?	TF(anna)
	Freagrach: An ngníomhaím chun mo chuid folláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú? An roghnaím bia sláintiúil? An dtuigim cén áit a mbíonn mo chuid sábháilteachta i mbaol, agus an ndéanaim na roghanna cearta?	TF(anna)
	Ceangailte: An mothaím ceangailte le mo scoil, mo chairde, mo phobal agus an domhan mór? An dtuigim go dtéann mo chuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar m'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda?	TF(anna)
	Athléimneach: An gcreidim go bhfuil na scileanna agam chun déileáil le dúshlán an tsaoil? An eol dom cén áit ar féidir liom cabhair a fháil? An gcreidim go n-éireoidh go maith liom ach iarracht a chur isteach?	TF(anna)
	Meas: An mothaím go n-éistear liom agus go bhfuil meas orm? An bhfuil caidrimh dhearfacha agam le mo chairde, mo phiaraí agus mo mhúinteoirí? An léirim cúram agus meas ar dhaoine eile?	TF(anna)
	Feasach: An bhfuilim feasach ar mo chuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus an féidir liom ciall a bhaint astu? An bhfuilim feasach ar mo luachanna pearsanta agus an ndéanaim machnamh ceart roimh chinneadh a dhéanamh? An dtuigim na rudaí a chabhraíonn liom foghlaim agus conas is féidir liom dul i bhfeabhas?	TF(anna)

Torthaí Foghlama

- 3.3 deiseanna úsáide teanga sa phobal teanga a thapú
- 3.2 déileáil go héifeachtach le haiseolas
- 2.7 saibhreas canúnach na Gaeilge a aithint agus idirdhealú a dhéanamh idir chanúintí na Gaeilge ag tabhairt difríochtaí foghraíochta agus leaganacha canúnacha faoi deara
- 2.5 earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus a thuiscint agus machnamh a dhéanamh ar na cúiseanna leo
- 1.28 úsáid a bhaint as scileanna eagarthóireachta mar chuid de phróiseas na scríbhneoireachta, dréachtú agus athdréachtú san áireamh
- 1.11 rogha pearsanta de théacsanna a aimsiú, a fhiosrú agus a roinnt ar son taighde agus taitnimh

Gníomhaíocht: AFMÁ

<p>Ról múinteora a raibh saothar scoláire dá chuid á mheas ag an gcrúinniú</p>	<p>Ról comhordaitheora</p>
<p>Ról comhghleacaí a raibh rang leo ag tabhairt faoin MRB</p>	<p>Ról comhghleacaí nach raibh scoláire acu ag tabhairt faoin MRB</p>

Gníomhaíocht: MRB 2: Tasc Cumarsáideach

<i>Meaitseáil agus cuir tic sa bhosca cuí</i>	Níor chomhlíon na hionchais go fóill	Ag teacht leis na hionchas	Os cionn na n-ionchas	Thar barr ar fad
Tuiscint ar an spriocghrúpa				
An-tuiscint léirithe ar an spriocghrúpa				
Sárthuiscint léirithe ar an spriocghrúpa				
Easpa tuisceana ar an spriocghrúpa				
Léirítear tuiscint ar an spriocghrúpa				
Feasacht teanga				
Feasacht agus tuiscint mhaith, ach teoranta in áiteanna, ar phatrúin agus ar chomhréir				
Ardchaighdeán maidir le feasacht agus tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir				
Teanga teoranta, bhriste in úsáid le heaspa feasachta ar phatrúin agus ar chomhréir				
Caighdeán an-ard maidir le feasacht agus tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir				
Úsáid teanga				
... an teanga úsáidte go cumasach				
... easnaimh bhunúsacha le sonrú				
... an teanga úsáidte go sciliúil				
... tá úsáid na teanga éifeachtach den chuid is mó				
Foghraíocht & fuaimeanna na Gaeilge				
... botúin leanúnacha le tuin, béim agus fuaimniú focal				
... sárthuiscint ar luas agus rithim nádúrtha na teanga				
... tuiscint an-mhaith ar luas agus rithim nádúrtha na teanga				
Roinnt botún le fuaimniú focal agus úsáid béime				
Cumas cumarsáide				
Cumarsáid stadach le bearnaí móra sa stór focal...				
Cumarsáid an-mhaith, le gnéithe de spontáineacht, agus de shaibhreas teanga...				
Cumarsáid nádúrtha agus spontáineach ar chaighdeán an-ard...				
Cumarsáid mhaith ag úsáid stór focal dóthanach...				

Scéal Béaloídis - Tom Bheairtle Ó Flátharta



An t-ám a raibh Fionn Mac Cumhail ina pháiste, níor mhaith le Bóirne Mór ná a chuid saighdiúirí go mairfeadh sé ar fhaitíos go dtiocfadh an lá go mbeadh sé ina Rí orthub. Thugadar leob lá é agus chuireadar isteach i mbosca é agus scaoileadh le fána abhann é. Agus bhí a sheanmháthair roimhe ag bun na habhann, rug sí ar an mbosca agus thug sí léi é agus thug sí isteach i gcoill é. Fuair sí

saoirín agus fuair sí áit istigh i gcrann dhó. Nuair a bhí an áit déanta aige dhóibh “Is dóigh,” a deir sé leis an tseanmháthair “go bhfuil sé sách déanta?” “Á muise, ceapaím go bhfuil sé sách déanta” agus thosaigh sí ag cuimilt a láimh dhó. “Ach shílfeá,” a deir sí “go bhfuil ailtín beag anseo? Tabhair dhom an tua” a deir sí “agus tabharfaidh mé snaochán beag dhó.” Thug sé di an tua agus rug sí ar an tua agus mharaigh sí é agus an fáth ar mharaigh sí é ná ar fhaitíos go ndéanfadh sí aon scéala uirthí.

Chaith sí seacht mbliana ansin sa gcrann ag tógáil an pháiste agus nuair a bhí an seacht mbliana thuas, sín í an uair a fuair siad amach go raibh sí féin agus an gasúr ann. Tháinig an lá ansin agus dúirt sí leis an ngasúr go raibh sé chomh maith dhóib imeacht mar go dtiocfadh tóir orthub agus go marófaí iad. “Tar ar mo dhroim” a deir sí leis an ngasúr. Deir Fionn “Ní ghabhad, síúilfidh mise é”. Deir sí “Tar ar mo dhroim, mar” a deir sí “nuair a thíocfas an tóir orainn, nuair a thagann siad gar dúinn, beidh tusa in ann imeacht agus ní bheidh aon tuirse ort”. Chuaigh sé ar a droim agus d’imigh siad leob, is anoir a thug

sí a h-aghaidh agus bhí sí ag rá leis í gconaí a bheith ag breathnú ina dhiaidh ar fhaitíos go bhfeicfeadh sé aon rud ag teacht ach faoi cheann scaith chonaic sé caiple ag teacht agus dúirt sé leis go raibh caiple ag teacht agus d'íarr sí dhó cén dath a bhí orthu? “Dath glas” a deir sé. “Á, ní dhéanfaidh siad sin a mbealach mar” a deir sí “is caiple boga iad”. Bhí sí ag imeacht leis agus ní dhearna siad a mbealach, chas siad freisin agus d'fhan sí ag imeacht leis í gconaí agus bhíodh sí ag rá leis breathnú ina dhiaidh agus faoi cheann píosa eile dúirt sé go raibh tuilleadh caiple ag teacht, agus d'íarr sí dhó cén dath a bhí orthub. “Dath buí” a deir sé, “Á, ní dhéanfaidh siad sin a mbealach ach oiread. Tá siad bog” a deir sí, agus ní dhearna, chas siad. “Ach tá cineál eile fós” a deir sí “le dhul amach.” Bhí sí ag coinneáil uirthi anoir i gcónaí agus faoi dheireadh bhí sí ag teacht gar go maith do Ghailimh agus dúirt sé go raibh tuilleadh caiple ag teacht, caiple cíor dhonn a bhí iontub an uair seo. “Má tá siad ag teacht anois bíodh tusa ag imeacht leat agus ní ghabhfaidh mise níos faide” agus d'imigh le Fíonn agus nuair a d'imigh chuir síse áit a cuid lámha agus a cuid cosa sa mbóthar, chaírt sí é agus luigh sí ann agus nuair a tháinig na caiple shíl na saighdiúirí ansin go raibh Fíonn Mac Cumhail fúthab agus thug siad na caiple soir agus siar ina mullach go rinne siad císeach dí agus sín é an áit atá Móinín na gCíseach agus Móinín na gCíseach atá air ó shin.

Litríocht áitiúil/bhéil

Gné(ithe):

Nóta eagarthóireachta ón té a thras-scríobh:

Níor scríobh mé an scéal seo sa chaighdeán ach de réir canúna an scéalaí:

1. Cuirtear 'b' ag deireadh na bhforainmneacha réamhfhoclacha sa tríú pearsa iolra i gcanúint Chois Fharraige. Mar shampla:

- Orthub > orthu
- Leob > leo
- Iontub > iontu

2. Maidir leis an **ainmfhocal** 'capall' deirtear 'caiple' san uimhir iolra i gcanúint Chois Fharraige in ionad 'capaill' mar atá sa Ghaeilge Chaighdeánach.

3. Caolaítear briathra leathana sa chéad réimniú

- Siúil > siúl
- Siúilfidh mise > siúlfaidh mise

4. Litriú agus miniú

- Scath = scaitheamh
- Saoirín = saorchló, duine a bhíonn ag obair lena lámha m.sh Siúinéir, Pluimbéir, Leictreoir.

Meitheal Logainm.ie



Cad é Meitheal Logainm.ie?

Is uirlis í **Meitheal Logainm.ie** chun sonraí a bhaineann le mionlogainmneacha a bhailiú, a stóráil agus a roinnt. Tugtar deis don phobal oidhreacht logainmníochta na tíre a chur chun cinn sa ré dhigiteach trí mhionlogainmneacha a chlárú, a mhapáil agus a roinnt ar líne. Ar an dóigh sin is féidir mionlogainmneacha agus na sonraí a ghabhann leo a chaomhnú agus feachtas an phobail ina dtaobh a ardú.

Cad is mionainm ann?

Tagraíonn mionainmneacha d'áiteanna beaga, taobh istigh de na bailte fearainn, go minic. Sampla an-mhaith d'aicme mionainmneacha iad na **hainmneacha páirce**. I measc na gcineálacha mionainmneacha eile atá ann tá **ainmneacha gnéithe fisiciúla** (e.g. lochanna, aibhneacha, bána, cinn tíre, oileáin, sléibhte, cnoic, srutháin, carraigeacha), agus **ainmneacha gnéithe saorga** (e.g. liosanna, séipéil, mainistreacha, reiligí, droichid, crosbhóithre, toibreacha, séadchomhartha).

Glac Páirt

1. Cláraigh chun cuntas a chruthú
2. Roghnaigh áit ar an léarscáil
3. Cuir isteach na sonraí

Cuntas a chruthú

Is féidir **Meitheal Logainm.ie** a chur in oiriúint do leibhéal éagsúla ach d'fheifeadh sé do **dhaltaí idirbhliana** go háirithe. Is féidir cuntas a chruthú don scoil nó do rang ar leith agus obair na ndaltaí a fhoilsiú mar bhailiúchán ar an suíomh. Mar chuid de chomórtas a ritheadh níos luaithe i mbliana, bhailigh **Coláiste Pobail Cholmille, Toraigh** breis agus 400 mionlogainm (tá an bailiúchán ar fáil ag meitheal.logainm.ie/ga/u50/). Chuir siad taifeadtaí fuaimne le roinnt mhaith dóibh chomh maith. Tá súil againn go spreagfar tú chun bailiúchán a chur le chéile le do dhailtaí féin.

Is féidir **Meitheal Logainm.ie** a nascadh leis na hábhair seo a leanas:

- **Stair** – fianaise stairiúil a aimsiú i mbrí na mionainmneacha
- **Tíreolaíocht** – léarscáil dhigiteach a úsáid chun mionainmneacha a mhapáil
- **Gaeilge** – bunbhrí na mionainmneacha i nGaeilge a fhoghlaim

Eolas breise

Má tá treoracha breise ó mhúinteoirí maidir le conas leas a bhaint as **Meitheal Logainm.ie** sa seomra ranga, cuirfead fáilte roimh fhiosrúcháin ag logainm@dcu.ie

Más maith leat bheith ar an eolas faoi chomórtas, agus maidir leis na háiseanna agus forbairtí is déanaí ar thionscadail taighde Fiontar & Scoil na Gaeilge, is féidir clárú don nuachtaitir sheachtainiúil ag www.gaois.ie/email/ga/

Tá sé mar aidhm ag tionscadal www.duchas.ie bailiúcháin uile Chnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitíú agus a chur ar fáil don phobal ar líne. Go n-uige seo tá ábhar ó Bhailiúchan na Scol (scéalta a bhailigh páistí sna 1930idí) agus sciar den ábhar ón mBailiúchán Grianghraf ar fáil ar an suíomh.

Leis an tionscadal sluafoinsithe **Meitheal Dúchas.ie**, tugtar cuireadh don phobal na scéalta i mBailiúchán na Scol a thras-scríobh (a chóipeáil amach) le go mbeidh siad níos fusa le léamh agus le cuardach. Tá breis agus 150,000 leathanach, as Gaeilge agus as Béarla, tras-scríofa ag an bpobal cheana.

Is féidir **Meitheal Dúchas.ie** a nascadh leis na hábhair seo a leanas:

- Teanga labhartha
- Scríbhneoireacht
- Drámaíocht
- Ealaín
- Stair
- Tíreolaíocht
- ICT

Is féidir Meitheal Dúchas.ie a chur in oiriúint do leibhéil éagsúla ach d'fheilfeadh sé do **dhaltaí idirbhliana** go háirithe.

Bígí linn!

Cuireann **Meitheal Dúchas.ie** ar chumas an dalta:

- Foghlaim faoi **stair** agus **oidhreacht** a c(h)eantair.
- **Scileanna léamhthuisceana** a chleachtadh.
- **Scileanna eagarthóireachta** a fhorbairt.
- **Léargas a fháil ar stair chultúrtha na hÉireann** ag tús an 20ú haois.

Baineadh úsáid ráthúil as Meitheal Dúchas.ie i **Scoil Mhaodhóg, Co. Loch Garman**, agus scríobh an múinteoir blagmhír spéisiúil faoin gcaoi ar cuireadh rang a haon agus rang a sé ag obair lena chéile ar Mheitheal Dúchas.ie agus ag bailiú scéalta. Léigh faoi ag

<https://tinyurl.com/blagmhír-mduchas>

Tá tacaíocht agus treoracha ar fáil ó eolas@duchas.ie. Tá **teastais ar fáil do dhaltaí scoile** má bhíonn fonn ar mhúinteoirí tionscadal a bhunú ar Mheitheal Dúchas.ie sa seomra ranga.

Cláraigh don nuachtlitr sheachtainiúil ag www.gaois.ie/email/ga/



Drámaíocht & Dífreáil: Ceardlann T2, Seisiún 3, 2018-19

Próifíl straoisleabhair a chumadh do charachtar ar leith
Stialghreannán / Stiallchartún / Sraith Pictiúr le cur síos
Cur i láthair a dhéanamh i bpearsa an charachtair / faoin gcarachtar
Radharc / dráma leantach a scríobh
Rap nó amhrán nó dán a chumadh bunaithe ar an ndrámá
Is tusa an stiúirthóir...samhlaigh críoch mhalartach
Alt ar bhuncheacht an dráma / téacs áirithe seo
Carachtar ó dhrámá eile nó ó théacs as seánra eile a phlé agus a chur i gcomparáid lena chéile

Tasc réamhfhéachana: An scéal a thuair
Mír nuachta teilifíse / Agallamh raidió / Tuairisc scríofa sa nuachtán bunaithe ar eachtra an dráma
Dialann charachtair a scríobh
Léirmheas a scríobh do nuachtlitr na scoile
Tráth na gceist (Kahoot...) bunaithe ar an ndrámá
Mata boird / Meabhair mhapaí faoi ghné éigin den téacs
Ríomhphoist, blag, cuntas, téacs ilmhódach a chumadh bunaithe ar ghné den dráma
Sainfhoclóir drámaíochta a chur i gcomhad nua / sa loga foghlama

Drámaíocht & Difreáil

Ag cruthú eispéiris foghlama – Féidearthachtaí i rith an Aonaid Foghlama

Deiseanna Foghlama Féideartha

- Intinní Foghlama a chomhchumadh
- Stór focal / nathanna a bhaineann le drámaíocht a chur le chéile i ngrúpaí le cabhair ón bhfoclóir nó ríomhfhoclóir
- An dráma a léamh agus na príomhimeachtaí a aithint / príomhtheachtaireachtaí a thuiscint
- Cinntiú leis an múinteoir / sa bhfoclóir (nó ríomhfhoclóir) cad is ciall leis an stór focal / na nathanna nua
- Cinntiú leis an múinteoir / sa ríomhfhoclóir go bhfuil an fuaimniú i gceart agus aithris á déanamh ar an leagan cruinn / cuí
- Taibhiú i ngrúpaí beaga ag cleachtadh foghraíochta

Deiseanna Measúnaithe Foirmitheacha Féideartha

- Achoimre ó bheal / i scríbhinn ar radharc as an dráma / Gné den dráma a phlé
- Cur síos ó bhéal ar charachtar / na carachtair
- Carachtar a roghnú agus tréithe a phlé
- Tuairimí ó bhéal a nochtadh agus breithiúnas a thabhairt / taitneamh a léiriú
- Léiriú / agallamh beirte bunaithe ar an dráma
- Freagairt phearsanta ó bhéal ar an dráma i gcoitinne
- Monalóg a scríobh agus a chur i láthair
- Cuid den radharc / den ghníomh a chur i láthair
- Críoch an dráma a thuar / Críoch eile a shamhlú
- Carachtar amháin ag insint a scéil féin
- Loga Foghlama – Machnamh an scoláire ar an eispéireas foghlama / ar a dhul chun cinn

Drámaíocht: Breac síos trí smaoineamh a bhfuil tú tógtha leo maidir le:

A: Cur chuige don aonad bunaithe ar an drámaíocht

B: Foghlaim na scoláirí: Difreáil

Litríocht Áitiúil/Bhéil

Gach Rud san Aireamh

Scoil: _____

Ceantar*: _____

**Braithfidh na téacsanna litreacha áitiúla a roghnófar ar chomhthéacs na scoile, na Torthaí Foghlama a bheidh i gceist, agus ar an gcaoi ina gcuireann múinteoirí ranga na féidearthachtaí in oiriúint dá ranganna féin.*

Céard iad na féidearthachtaí don fhoghlaim a bhaineann leis an Litríocht Áitiúil/Bhéil?

Gné 1: Bailiúchán/cnuasach atá foilsithe ar líne nó i gcló.

Sampla(i):

Fiúntas agus luach cultúrtha:

Fiúntas agus luach teanga:

Gné 2: Saothar de chuid údair/file/cumadóra áitiúil atá fós ina bheatha.

Sampla(i):

Fiúntas agus luach cultúrtha:

Fiúntas agus luach teanga:

Gné 3: Scríbhneoir áitiúil nach maireann (téacs nach bhfuil mar chuid den liosta molta/ábhar dualgais).

Sampla(i):

Fiúntas agus luach cultúrtha:

Fiúntas agus luach teanga:

Gné 4: Seanchas na ndaoine atá fós i mbéal an phobail.

Sampla(i):

Fiúntas agus luach cultúrtha:

Fiúntas agus luach teanga:

I ndiaidh dúinn na gnéithe uilig a phlé, sílimid...

Na Measúnaithe Rangbhunaithe: Pointí breise (féach lgh 6-15)

Is den riachtanas é go léifidh gach múinteoir na cáipéisí seo a leanas, atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie, chun tuiscint a fhorbairt ar ról agus ar chur i bhfeidhm an mheasúnaithe sa tsraith shóisearach:

- *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1)*
- *Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe (T1)*

NB: Níl anseo thíos - agus a bhfuil ar lgh 6-15 den leabhrán seo - ach achoimre **ar chuid bheag de** na príomhphointí agus ní leor iad seo amháin chun tuiscint chuimsitheach ar an measúnú a fhorbairt.

Ullmhúchán ginearálta thar thrí bliana na sraithe sóisearaí:

MRB 1: Cuireann an scoláire lena phunann teanga de réir a chéile ó thús na chéad bhliana ar aghaidh le treoir agus le comhairle ón múinteoir. Eascraíonn formhór obair na punainne as an ngnáthobair ranga. Cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire chun deiseanna úsáide agus cumarsáide a thapú sa timpeallacht ranga.

MRB 2: Is í úsáid laethúil agus leanúnach na teanga, mar aon le rannpháirtíocht rialta i ngníomhaíochtaí/i dtascanna cumarsáide, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga, ón gcéad bhliain ar aghaidh, an t-ullmhúchán is éifeachtaí don Mheasúnú Rangbhunaithe seo.

Samplaí anótáilte de shaothar scoláirí:

Táthar ag súil go mbeidh samplaí anótáilte de shaothar scoláirí ón gCéad Bhliain á bhfoilsíú go luath in earrach 2019 agus go mbeidh samplaí de shaothar scoláirí, dá leithéid a bheadh i gceist le MRB 1, ar fáil roimh dheireadh na scoilbhliana reatha 2018-2019.

Gnéithe cáilíochta:

Is ann do cheithre thuiriscín ar leibhéal ghnóthachtála do gach MRB (féach lch. 10 & 14 den leabhrán seo). Is iad na Gnéithe Cáilíochta a leagtar amach sna *Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe* na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na tuairiscíní is fearr a oireann d'obair scoláirí.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill ar dtús*) go dtí go dtagann sé ar an tuairiscín is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairiscín cáilíochta ba cheart a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ar obair an scoláire le teacht ar an tuairiscín is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairiscín is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Neamhspleáchas na scoile i leith an scoláire a ullmhú do na MRBanna:

Sna treoirlínte, leagtar amach réimse de roghanna le haghaidh na Measúnaithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Bíonn rogha ag an scoláire agus ag an múinteoir maidir leis an ábhar féin agus le roghnú formáide. Tá féidearthachtaí éagsúla ann maidir leis an gcaoi ar féidir tabhairt faoin dá Mheasúnú Rangbhunaithe agus faoin gcaoi ar féidir iad a chur i láthair. I gcás na punainne (féach lch 7 den leabhrán seo), spreagtar an scoláire le húsáid a bhaint as ábhair thacaíochta éagsúla agus a chuid oibre a chur i láthair i leaganacha amach éagsúla. I gcás an tasc chumarsáidigh, tá greille d'fhormáidí éagsúla ar lch 12 den leabhrán seo. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirlínte, is féidir leis an scoil, leis an múinteoir agus leis an scoláire raon na dtéamaí agus na dtopaicí do na MRBanna a shocrú go neamhspleách. Tugtar tús áite, áfach, do neamhspleáchas an scoláire.

Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh:

Sa chás go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaíochtaí réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire sna MRBanna agus sa Tasc Measúnaithe a laghdú oiread is is féidir. Ba chóir do na tacaíochtaí sin a bheith ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana (m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha).

Nótaigh: Tá a bhfuil thuas bunaithe ar na *Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe (T1)* cé nach athfhriotal amach is amach é.

Nótaí

Gníomhphointí do mo chleachtas féin:

Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM)

Seirbhís Tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna

Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais Mhuineacháin | Bóthar Ard Mhacha | Muineachán
Teil.: (047) 74008

Oifig an Stiúirthóra:

BOOLM | Sráid an tSéipéil | Dún Dealgan
Teil.: (042) 936 4603

Féach rannán na Gaeilge ar: www.jct.ie

Córas Giolcaireachta:

@jctGaeilge | @JCforTeachers | #JCGaeilge



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE
for teachers